View in browser

12 Lúnasa 2021

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 61







## BUAITEOIR AN CHOMÓRTAIS!

Comhghairdeachas ó chroí le Tamara Carr a bhuaigh an comórtas a bhí á reáchtáil againn i gcomhpháirt lenár gcairde ag Óstán na Mara. Tá dearbhán buaite ag Tamara le fanacht san óstán ar feadh dhá oíche, agus béile ar oíche amháin. Bain taitneamh as a chara! Go raibh maith agaibh a chairde as ucht cur isteach ar an gcomórtas.




## LÁ SPRAOI

Tá Lá Spraoi á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga agus Muintearas, i gcomhpháirt le Club Óige an Spidéil agus Club Óige Chois Chuain. Beidh an Lá Spraoi ar siúl ar an Satharn 21ú Lúnasa ó 2-4 i.n. ar chúl Scoil Éinne sa Spidéal. Do ghasúir idir 4-12 bliain d'aois atá an Lá Spraoi seo. Beidh sé ar siúl taobh amuigh faoin aer. Beidh stáisiúin ar an láthair le himeachtaí agus gníomhaíochtaí éagsúla ann. Le freastal air, ní mór an fhoirm chláraithe a líonadh anseo. Cloífear le srianta sóisialta an rialtais ar an lá. Tá teorainn ar líon na spásanna. Is féidir níos mó eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le 083 010 6294.













## BABAÍ BEAG

Tá sraith leabhar nua do ghasúir foilsithe ag An Gúm. Tá ceithre leabhar nua curtha leis an tsraith darbh ainm Babaí Beag. Leagtar béim sna leabhair seo ar bhia, ar dhathanna, agus ar ainmhithe le dathanna geala agus cruthanna simplí le dul i bhfeidhm ar leanaí óga. €5 atá ar na leabhair agus tá siad ar fáil i siopaí leabhair agus ar líne.

## CAPAILLÍNÍ CHONAMARA

D'fhoilsigh **Molscéal** físeán álainn le gairid maidir le Róisín Ní Ghionnáin agus Capaillíní Chonamara. Tugann Róisín léargas ar an taithí atá aici leis na capaillíní agus na cuimhní atá aici ag breathnú ar a hathair ag plé leo, ó aois an-óg sa bhfíseán. Ba bhreá le Róisín an traidisiún a choinneáil beo i measc a muintire féin agus i gceantar Chonamara. Píosa álainn atá ann, agus tá sé le feiceáil anseo.





## COLMCILLE 1500: TÉACSANNA & TRAIDISIÚIN

Cuirfear tús le sraith léachtaí ar líne, saor in aisce, maidir le ColmCille ar an 25 Lúnasa 2021 @ 1 i.n. Acadamh Ríoga na hÉireann i gcomhpháirt le Coiste Léann na Gaeilge, Litríocht na Gaeilge agus na gCultúr Ceilteach atá á reáchtáil. Tá an tOllamh Máirín Ní Dhonnchadha, Jacopo Bisagni, An Dr. Colm Ó Cuaig, an Dr. Ailbhe Nic Giolla Chomhaill agus daoine eile nach iad i measc na gcainteoirí. Is féidir clárú do na léachtaí anseo.

## SEACHTAIN NÁISIÚNTA OIDHREACHTA

Cuirfear tús le Seachtain Náisiúnta Oidhreachta ar an Satharn 14ú





Lúnasa. Beidh taispeántais, ceardlanna, cainteanna agus siúlóid dúlra ar siúl le linn na seachtaine ag Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh i Ros Muc. Is féidir an sceideal iomlán a fheiceáil anseo. Má tá tuilleadh eolais uait: glaoigh ar 091 574 292!

## SCÉIM NA BHFÉILTE 2022

Tá Scéim na bhFéilte 2022, de chuid Foras na Gaeilge, oscailte anois. Fáilteofar roimh ghrúpaí áitiúla cuí forbairt a dhéanamh ar fhéilte ealaíon - nó ar ghnéithe d'fhéilte - trí mheán na Gaeilge nó a bhfuil na healaíona Gaeilge, na healaíona dúchasacha agus oidhreacht na Gaeilge á gcothú, agus á gcur chun cinn acu, trí mheán na Gaeilge nó go dátheangach. Is féidir an fhoirm iarratais chomh maith le treoirlínte na scéime a fháil ag www.forasnagaeilge.ie. Glacfar le hiarratais go dtí meán lae ar an Aoine 3 Meán Fómhair. Is féidir teagmháil a dhéanamh le feilte@forasnagaeilge.ie le tuilleadh eolais a fháil.

## ARD-DIOPLÓMA I NGAEILGE FHEIDHMEACH AGUS AISTRIÚCHÁN

Tá cúrsa sé mhí á fhógairt ag Europus. Ard-dioplóma i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúchán atá ann. Ar an gCeathrú Rua a bheas an cúrsa ar siúl ag tosú ar an 14 Deireadh Fómhair 2021. Níl aon táille i gceist leis an gcúrsa. Glacfar le hiarratais go dtí an Aoine 10 Meán Fómhair. Is féidir tuilleadh eolais a fháil anseo.



## FOLÚNTAS AG AN OIREACHTAS

Tá An tOireachtas sa tóir ar Oifigeach Airgeadais agus Cléireachais. Beidh an té a cheapfar freagrach as cuntasaíocht laethúil na heagraíochta agus as an streabhadh cáipéisíochta. Cuirfear deiseanna oiliúna agus tacaíochta chuí ar fáil. Beidh sé de dhualgas ar an Oifigeach buiséid agus tuairiscí airgid a ullmhú, bainistiú a dhéanamh ar chomhfhreagras agus déileáil le heagraíochtaí cultúir, teanga agus ealaíne éagsúla agus páirtithe leasmhara eile de chuid an Oireachtais. Ní mór ardscileanna ríomhaireachta a bheith ag an té a n-éiríonn leis/léi, chomh maith le hardchaighdeán labhartha agus scríofa i nGaeilge agus i mBéarla. IS féidir cur isteach ar an post tré iarratas mar aon le CV a sheoladh chuig poist@antoireachtas.ie roimh an Luan 16 Lúnasa 2021.

## SUAITHEANTAIS DO GHNÓTHAÍ CHOIS FHARRAIGE

Tá suaitheantais i nGaeilge á soláthar ag Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige do ghnóthaí agus d'eagraíochtaí an cheantair. Tá na suaitheantais bunaithe ar an gcóras soilse tráchta a thugann le fios don phobal go bhfuil Gaeilge ag an bhfoireann nó go bhfuil baill foirne ag foghlaim na Gaeilge. Dearadh na suaitheantais le custaiméirí a spreagadh le níos mó Gaeilge a úsáid nó triail a bhaint aisti agus seirbhísí an cheantair á n-úsáid acu. Tá 'Gaeilge agus Fáilte' ar an suaitheantas glas, 'Tá cúpla focal agam' ar an suaitheantas oráiste agus 'Is foghlaimeoir Gaeilge mé' ar an suaitheantas dearg. Is féidir suaitheantais a fháil le haghaidh do ghnó nó d'eagraíocht ach teagmháil a dhéanamh leis na hOifigigh Pleanála Teanga ag optchoisfharraige@gmail.com nó ar a gcuntas Facebook - ar fáil ag Pleanáil Teanga Chois Fharraige.









Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.


Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294


Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta